

An Clár um Chúram & um Oideachas na Luath-Óige (ECCE) 2022-2023

Uimh Thagartha: _____
(Le líonadh ag an tSeirbhís)

FOIRM CHLÁRÚCHÁIN LINBH ECCE

LÉIGH É SEO GO CÚRAMACH

Cuireann an clár um Chúram & um Oideachas na Luath-Óige (ECCE) oideachas réamhscoile ar fáil saor in aisce do leanaí sa bhliain (nó sna blianta) sula dtosódh siad ar bunscoil. I gcásanna áirithe nuair a bhíonn an leanbh níos sine ná an raon aoise a bhaineann leis an scéim ECCE, is féidir díolúine a fháil ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i gcásanna leanaí a bhfuil riachtanais sa bhreis acu. Má tá díolúine faighte agat ba chóir an t-eolas seo a chur in iúl don Soláthraí Faofa.

Léigh an Litir do Thuismitheoirí de chuid an DCEDIY le do thoil, ba cheart a bheith curtha ar fáil duit ag do Sholáthraí Faofa.

Má tá leanbh á chlárú agat sa chlár ECCE le haghaidh scoilbhliain 2022/2023 ba cheart duit an doiciméad seo a chomhlánú agus a sheoladh ar ais don Soláthraí Faofa. Bainfidh an Soláthraí Faofa úsáid as an bhfoirm seo chun do leanbh a chlárú ar líne le haghaidh chlár ECCE ar an Ardán um Chur i bhFeidhm Clár (HIVE). **A luaithe agus a bheidh an t-eolas seo cláraithe ar HIVE/EYP, déanfaidh an Soláthraí Faofa Foirm Dhearbhaithe Thuismitheora ECCE HIVE/EYP a phriontáil agus ní mór duit í a shíniú.** Scriosfaidh an Soláthraí Faofa an doiciméad seo, chun críocha na cosanta sonraí.

Le haghaidh chlárúcháin ECCE ó 4 Iúil 2022 agus deireadh réamhscoilbhliana ECCE is gá gur saolaíodh an leanbh idir 1 Eanáir 2018 agus 31 Nollaig 2019, an dá dáta san áireamh.

Tabhair do d'aire le do thoil go dtosaíonn rolluithe ECCE, ar HIVE/EYP, ar an Luan agus go gcríochnaíonn siad ar an Aoine.

Eolas le bheith curtha ar fáil ag an Tuismitheoir/Caomhnóir

Ainm Tuismitheora/Caomhnóra: _____ Ainm na seirbhíse réamhscoile: _____

Is mise tuismitheoir nó caomhnóir dlíthiúil an linbh seo a leanas a fhreastalaíonn ar an réamhscoil seo, agus ina ainm a bhfuil éileamh á dhéanamh agam faoi chlár ECCE.

| Ainm iomlán an linbh (mar atá se cláraithe leis an Roinn Coimirce Sóisialaí) | UPSP an Linbh | | Dáta Breithe (ll/mm/bbbb) | Inscne (F/B) |
|---|---------------|-----------|------------------------------|-----------------|
| | Figiúirí | Litreacha | | |
| | | | | |

| Dáta Tosaigh ECCE | Dáta Deiridh ECCE | Líon Laethanta sa tSeachtain |
|-------------------|-------------------|------------------------------|
| | | |

Tuigim go mbainfidh an Soláthraí Faofa úsáid as an eolas atá á cur ar fáil sa doiciméad seo chun na sonraí a chlárú ar chóras HIVE amháin. Tuigim go mbainfidh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige nó Riarthóir na Scéime (Pobal), agus iad ag feidhmiú mar Ghníomhaire thar ceann na Roinne, i gcomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Roinn Oideachais, úsáid as an eolas seo lena dheimhniú go bhfuil mo leanbh cáilithe do chlár ECCE san am i láthair, agus chun na táillí caipitíochta a ríomh atá dlite don tseirbhís réamhscoile, agus chun críocha staidrimh.

Síniú Tuismitheora _____ Dáta: _____

Uimhir Teagmhála: _____